

Fuinneamh agus gníomhú ar son na haeráide – smaoinigh sula gceannaíonn tú!



Tá lorg carbóin níos mó in Éirinn in aghaidh gach duine den daonra ná mar atá i bhformhór na dtíortha san Aontas Eorpach maidir le leictreachas, foirgnimh, iompar, agus bainistíocht dramhaíola - *An Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2019*

Smaoinigh faoi...

Seo roinnt ceisteanna a chabhróidh le do rang smaoinemh faoi athrú aeráide agus faoi na rudaí a cheannaímid...

1. *Cá has ar tháinig an bia i do bhosca lóin? An féidir leat na lipéid a sheiceáil? Cé mhéad ciliméadar a thaistil sé?*
2. *Cén saghas pacáistíochta ina raibh an bia?*
3. *Cá ndearnadh na héadaí atá ort agus conas a tugadh chuig na siopaí iad? Ar thaistil siad ar long, ar eitleán, ar an iarnród nó i leoraí?*
4. *Cén t-ábhar as a ndearnadh na héadaí? An ábhar nádúrtha nó de dhéantús an duine é seo?*
5. *Cén teocht ar a níonn tú d'éadaí?*
6. *Cad a tharlaíonn do sheanádaí?*

Fuinneamh atá á úsáid

Cruthaítear formhór an fhuinnimh a úsáidtear gach lá trí bhreoslaí iontaise a dhó, cosúil le gual, ola agus móin. Úsáidtear an fuinneamh seo i dtithe, i ngnólachtaí, i scoileanna agus chun taisteal a dhéanamh. Teastaíonn fuinneamh chun an bia a itheann tú agus na héadaí atá ort a tháirgeadh, a phacáistiú agus a iompar. Cruthaítear dé-ocsaíd charbóin nuair a dhóitear breoslaí iontaise. Is ceann de na gáis cheaptha teasa is cúis le hathrú aeráide í dé-ocsaíd charbóin. Tá an domhan ag éirí níos teo mar go gcoimeádann na gáis sin teas na gréine in atmaisféar an domhain. Tá an domhan ag éirí níos teo mar gheall ar athrú aeráide.

Tá na rudaí seo ag tarlú mar gheall ar athrú aeráide:

- Tá teochtaí ag ardú ar fud an domhain
- Tá na hoighearchaidhpeanna polacha ag leá
- Tá triomach agus tuilte ag tarlú níos minice

- Tá fásaigh ag éirí níos mó
- Tá an baol ann go mbeidh deireadh le roinnt ainmhithe agus plandaí
- Bíonn adhamsir (cosúil le stoirmeacha agus spéirlingí (hairicíní)) ann níos minice

An Tionchar atá agat

Braithfidh todhchaí na haeráide ar na roghanna a dhéanfaidh tú inniu. An féidir leat daoine a spreagadh i do phobal chun smaoineamh sula gceannaíonn siad rudaí agus chun gníomhú ar son na haeráide?

Fuinneamh agus bia

Déanann bia-aistear cur síos ar an bhfad a thaistealaíonn bia ón bhfeirm go dtí do phláta. Úsáidtear fuinneamh chun bia a fhás, a phacáil agus a iompar. Úsáidtear fuinneamh fiú chun dul go dtí an siopa i ngluaisteán! Fástar a lán bia in Éirinn, ach tugtar bia anseo freisin ó thíortha eile timpeall an domhain. Is fearr don chomhshaol nuair a cheannaímid bia a fhástar i ngar dúinn.

Fásann torthaí agus glasraí i séasúr áirithe agus baintear iad ag am áirithe eile sa bhliain. Mar shampla, fásann sútha talún faoin spéir in Éirinn agus bíonn siad aibí sa samhradh. Fásann roinnt torthaí agus glasraí i dtithe gloine téite i rith an gheimhridh. Úsáideann sé seo fuinneamh, mar sin, is fearr bia a roghnú atá ‘i séasúr’.

Bíonn pacáistíocht ar fhorhmór na mbianna agus bíonn an iomarca pacáistíochta ar roinnt bia. Tá pacáistíocht phlaisteach déanta as ola, ar breosla iontaise é. Úsáidtear fuinneamh chun an phacáistíocht a dhéanamh, an bia a chlúdach, agus é a iompar ón monarcha, chuig an siopa agus chuig do theach. Scaoileann pacáistíocht phlaisteach le gáis cheaptha teasa nuair a bhristear síos í, agus cuireann seo le géarchéimeanna aeráide.

Deir an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus í ag caint faoi bhia a chuirtear amú in Éirinn go dtarlaíonn trian de inár dtithe. Cosnaíonn sé thart ar €700 sa bhliain ar an ngnáth-theaghlach! Is iad na bianna is minice a chaitear amach sailéad, arán, torthaí agus glasraí. Cé go ndéantar múirín de dhramhbhia a chuirtear in araidí donna, tugtar a lán bia go dtí an dumpa go fóill. Dramhaíl orgánach í beagnach 40% den dramhaíl a thugtar go dtí láithreáin líonadh talún, agus dramhbhia í an chuid is mó den dramhaíl sin. Teastaíonn fiú níos mó fuinnimh chun an dramhaíl seo a iompar agus a chóireáil. Is féidir le bia atá ag lobhadh i ndumpaítruailiú a dhéanamh.

Fuinneamh agus éadaí

Féadfaidh an bealach a ndéantar éadaí úsáid a bhaint as méideanna móra fuinnimh, uisce agus ceimiceáin thocsaineacha.

Mar shampla:

- Úsáidtear fuinneamh agus lotnaidicídí chun cadás a fhás agus a dhathú. Úsáidtear 6 phionta uisce chun baitín cadáis amháin a dhéanamh!
- Déantar poileistear d'fhotháirgíon tionscal ola agus ní féidir na táirgí sin a athnuachan.
- Cruthaíonn táirgeadh leathair a lán CO₂ agus déantar dífhoraísiú mar thoradh air seo.

Is i dtíortha níos boichte a dhéantar a lán de na héadaí dhíoltar in Éirinn. Bíonn cuid de na daoine a dhéanann na héadaí thíos le droch-choinníollacha oibre mar gheall air seo. Iompraítear éadaí ó áiteanna i bhfad i gcéin ar thraein, ar eitleán agus ar long chun iad a thabhairt go dtí na siopaí in Éirinn. Cruthaíonn 'na haistir faisin' seo gáis cheaptha teasa agus cuireann siad le hathrú aeráide.

Úsáidtear níos mó fuinnimh chun éadaí a ní, a thriomú agus a iarnáil. De réir mar a éiríonn éadaí níos saoire, tá níos mó díobh á ndíol. Ní mhaireann éadaí seo chomh fada sin mar go n-úsáidtear ábhair de chaighdeán íseal. Dá bharr sin, caitear níos mó éadaí amach.

Cad is féidir leatsa a dhéanamh?

Bia

- Cuir liosta siopadóireachta le chéile agus ná ceannaigh aon rud nach bhfuil ar an liosta. Ná ceannaigh ach na rudaí a theastaíonn uait.
- Smaoinigh sula gceannaíonn tú - roghnaigh bia a fhástar go háitiúil atá 'i séasúr'.
- Déan iarracht bia deimhnithe orgánach a cheannach.
- Aimsigh eolas faoi mhargaí áitiúla feirmeoirí.
- Labhair le do ghrósaer glasraí, do bhúistéir agus do cheannaí áitiúil éisc. Deimhnigh cá has a dtagann a mbia.
- Fás roinnt de do thorthaí agus do ghlasraí féin ar scoil nó sa bhaile.
- Roghnaigh táirgí a bhfuil an méid is lú de phacáistíocht orthu.
- Déan iarracht gan ach an méid a theastaíonn uait a cheannach agus déan do bhia a stóráil i gceart.
- Tosaigh le múiríníú a dhéanamh!

Éadaí

- Smaoinigh sula gceannaíonn tú, roghnaigh éadaí a rinneadh d’fhabraicí nádúrtha a tháirgtear níos giorra don bhaile.
- Nigh éadaí ar theochtaí ísle, roghnaigh glantach atá saor ó cheimiceáin.
- Ná triomaigh éadaí i dtriomadóir, úsáid an líne níocháin ina ionad sin.
- Croch d’éadaí go dtí go mbíonn siad tirim chun an méid éadaí is gá a iarnáil a laghdú.
- Déan iarracht chun ‘mearfhaisean’ a sheachaint agus ceannaigh éadaí a mhairfidh tamall fada.
- Eagraigh Siopa Malartaithe i do scoil. Cuimhnigh, na héadaí atá duine eile ag iarraidh a chaitheamh amach seans go dtaitneoidh siad leatsa!
- Déan d’éadaí a athchúrsáil agus a uaschúrsáil. Eagraigh seó faisin chun do chairde a spreagadh!
- Athchúrsáil do sheanéadaí trí iad a thabhairt chuig do shiopa carthanais nó d’ionad athchúrsála áitiúil.

Eolas breise

Acmhainní do Mhúinteoirí agus Scoláirí

BIA	ÉADAÍ
<p><i>Láithreáin Ghréasáin</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Láithreán gréasáin a chabhróidh leat bia-aistir a thuiscint http://www.foodmiles.ie/ • Cuir Stop le Cur Amú Bia; na cúiseanna atá le bia áitiúil a ithe, na bianna is coitianta a chuirtear amú agus conas múiríníú a dhéanamh http://www.stopfoodwaste.ie/ • Bain triail as an áireamhán bia-aistear ar líne seo http://www.foodmiles.com/ • Caith súil ar leideanna ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil faoi Mhaireachtáil Ghlas http://www.epa.ie/livegreen/ <p><i>Físeáin</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Bealach simplí agus amhairc é an físeán seo chun bia-aistir a thuiscint https://www.youtube.com/watch?v=6KuHU2X7gQQ • Aimsigh eolas faoin bhfáth a bhfuil sé tábhachtach bia áitiúil a ithe https://www.youtube.com/watch?v=DhaG_Zi6izU • Tá físranganna teagaisc ag Grow It Yourself Ireland ar conas do thorthaí agus glasraí féin a fhás 	<p>Acmhainní do Mhúinteoirí agus Scoláirí</p> <p><i>Láithreáin Ghréasáin</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • http://www.re-dress.ie/ • http://loveyourclothes.org.uk/ • http://www.ethicalfashionforum.com/the-issues/energy-andwaste • http://www.treehugger.com/sustainable-fashion/ • https://www.theguardian.com/lifeandstyle/2018/feb/10/shop-less-mend-more-making-more-sustainable-fashion-choices • http://www.greenpeace.org/international/en/news/Blogs/makin_gwaves/fast-fashion-drowning-world-fashionrevolution/blog/56222/ • https://www.fashionrevolution.org/ • https://www.grown.ie/ • http://www.miniwiz.com/ <p><i>Físeáin</i></p> <ul style="list-style-type: none"> • Seó Faisin a Thacaíonn leis an Éiceolaíocht • Féach conas atá a bpáirt á glacadh ag brandaí ar nós H&M • Leideanna faoi fhaisean inbhuanaithe le Vivienne Westwood

<https://giy.ie/get-growing/>

- Cumhdaítear san fhíseán seo an t-aistear a dhéanann beirt iriseoirí agus iad ag leanúint an turais a dhéanann sú talún trasna Mheiriceá ón bpáirc go dtí an siopa <https://www.youtube.com/watch?v=a3T-uSjpxOg>

Acmhainní do Mhúinteoirí amháin

Úsáid na hacmhainní [Fuinneamh i nGníomh](#) agus déan na gníomhaíochtaí seo thíos le do rang:

- C2 Gníomhaíocht 1: Bia-Aistir
- C2.1 Bileog Oibre B Cad a Chosnaíonn do Chiseán Siopadóireachta

Acmhainní do Mhúinteoirí amháin

Gníomhaíochtaí sa Seomra Ranga

- Cuir díospóireacht ghluaisteach ar siúl sa seomra ranga. Roinn an seomra suas chun gur féidir le scoláirí seasamh i dtrí áit atá marcáilte mar ‘Aontaím’, ‘Ní aontaím’ agus ‘Níl a Fhios Agam’. Léigh ráitis amach faoin tionscal éadaí, fuinneamh agus athrú aeráide. Iarr ar na scoláirí siúl isteach sna háiteanna atá marcáilte mar ‘Aontaím’, ‘Ní aontaím’ agus ‘Níl a fhios agam’.
- Cruthaigh siopa malartaithe sa seomra ranga! Iarr ar na daltaí chun éadaí a thabhairt isteach nach dteastaíonn uathu a thuilleadh agus iad a mhalartú leis na daoine eile sa rang.

Chun gníomhú ar son na hAeráide

- Bain úsáid as na naisc thíos chun taighde a dhéanamh ar thionchair an athraithe aeráide in Éirinn agus go domhanda.
- Oibrigh amach do Lorg Carbóin agus aimsigh bealaí chun é a laghdú.
- Déan iarracht laghdú a dhéanamh ar an méid carbóin a chruthaíonn tú! Déan iarracht chun níos lú fuinnimh a úsáid i do shaol laethúil sa bhaile, ar scoil, nuair a thaistealaíonn tú agus cuimhnigh chun smaoineamh sula gceannaíonn tú.
- Déan taighde ar cad atá á dhéanamh ag Rialtas na hÉireann chun dul i mbun gnímh maidir le hathrú aeráide. Fiosraigh cad atá á dhéanamh ag tíortha eile. Scríobh chuig do pholaiteoirí agus iarr orthu dul i mbun gnímh ar son na haeráide.

Acmhainní do Scoláirí agus Múinteoirí:

Láithreáin Ghréasáin

- <http://www.epa.ie/>
- <http://www.dccae.gov.ie/en-ie/climate-action/Pages/default.aspx>
- <http://www.climateactionprogramme.org/>
- <http://unfccc.int/>

Samplaí d'fheachtais um ghníomhú ar son na haeráide:

- <https://1010uk.org/>
- <http://www.350.org>
- <https://www.stopclimatechaos.ie/>
- <https://www.foe.ie/>
- <http://www.greenpeace.org>
- <https://www.irishtimes.com/news/environment/climate-strikes-irish-students-rally-across-the-country-1.3903120>
- <https://www.seai.ie/blog/victory-luke-address-to-i/>

Grafaicí faisnéise

- [Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2019 - Conas a bhainimid ár sprioc amach?](#)

Oibrigh amach do lorg carbóin:

- <http://www.epa.ie/climate/calculators/>

Físeáin:

- Eco Eye: [Athrú Aeráide agus Tionól Saoránach na hÉireann](#)
- Eco Eye: [Maireachtáil gan Díobháil a dhéanamh don Aeráid, Súil a thabhairt ar ár lorg carbóin agus na bearta is féidir linn a dhéanamh chun é a laghdú](#)
- Eco Eye: [Athrú Aeráide agus Mé Féin](#)
- [Éire saor ó Iontaisí, an Dr Cara Augustenborg, TEDxUCD](#)
- Leonardo DiCaprio ag caint faoi athrú aeráide <http://leonardodicaprio.com/news/>
- Roimh an Tuile <https://www.beforetheflood.com/>
- National Geographic: [Cúiseanna agus Tionchair an Athraithe Aeráide.](#)

- Óráid Iomlán Greta Thunberg ag Comhdháil COP24 na Náisiún Aontaithe faoi Athrú Aeráide <https://www.youtube.com/watch?v=VFkQSGyeCWg>
- An Inconvenient Truth / An Inconvenient Sequel: Scannáin Al Gore faoi thionchar an athraithe aeráide <https://www.algore.com/library/an-inconvenient-truth-dvd>

Acmhainní do Mhúinteoirí:

Pleananna Ceachta um Ghníomhú ar son na hAeráide:

- Pleananna ceachta ar théamh domhanda agus athrú aeráide
 - [C3 Gníomhaíocht 1: Téamh Domhanda i mBuidéal](#)
 - [C3 Gníomhaíocht 2: Éifeacht an Téimh Dhomhanda ar na hOighearchaidhpeanna Polacha agus na hOighearshruthanna atá á Leá](#)
- Pleananna ceachta ar inbhuanaitheacht
 - [A3 Gníomhaíocht 1: Léirshamlú: An Fáth atá le hInbhuanaitheacht. An bhfuil dóthain talún ann do gach duine?](#)